Tá iasacht uaim, céard is gá dom a dhéanamh?

Is próiseas simplí atá ann iasacht a fháil ó Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo, ach tá sé tábhachtach eolas cruinn a thabhairt dúinn.

1. Tá doiciméid éagsúla de dhíth ag brath ar an gcineál iasachta agus do chuinsí pearsanta:

Cé mé agus céard atá uaim?		Céard is gá dom a thabhart isteach?	Faoi iamh?	Seiceáilte?
Iarratas ar iasacht clúdaithe	1	Foirm iarratais líonta amach	☐	☐
	2	Foirm ordú seasta	☐	☐
Iarratas ar Iasachtaí eile				
Duine fostaithe	1	Foirm iarratais líonta amach	☐	☐
	2	Ráitis bainc don 3 mhí is déanaí ó do phríomh-chuntas bainc	☐	☐
	3	2 Dhuilín Pá cothrom le dáta	☐	☐
	4	Foirm ordú seasta	☐	☐
Duine dífhostaithe	1	Foirm iarratais líonta amach	☐	☐
	2	Ráitis bainc don 3 mhí is déanaí ó do phríomh-chuntas bainc	☐	☐
	3	2 Duilín Liúntas Dí-fhostaíochta (Dól) cothrom le dáta	☐	☐
	4	Foirm ordú seasta	☐	☐
Duine féinfhostaithe nó gnó	1	Foirm iarratais líonta amach	☐	☐
	2	Ráitis bainc don 3 mhí is déanaí ó do phríomh-chuntas bainc	☐	☐
	3	Cuntais don nghnó cothrom le dáta (.i. nach bhfuil níos mó ná 3 mhí as dáta) agus ráthaíocht ón gcuntasóir ina dtaobh	☐	☐
	4	Cuntais sreabhadh airgead don chéad dhá bhliain eile	☐	☐
	5	Imréiteach cánach atá suas chun data	☐	☐
	6	Foirm ordú seasta	☐	☐

2. **Ráthóir a chur ar fáil**
   Is cabhair mhór do do chás é ráthóir a bheith ar fáil a don iasacht. Má tá duine ann atá sásta bheith mar ráthóir ar an iasacht, ba chóir sin a chur isteach ar an bhfoirm iarratais. I gcásanna áirithe is féidir leis an gcomhar creidmheasa coinníoll a leagan síos maidir le ráthóir.
3. **Urrús**
   I gcás iasachtaí a fhágfaidh go bhfuil níos mó ná €20,000 amach ort, beidh urrús éigin de dhíth go hiondúil leis an iasacht a cheadú. Chuirfeadh sé go mór le do chás, sonraí i dtaobh urrúis a chur le do iarratas.
   Seo samplaí de urrús a ghlacfar leis:
   a. Polasaithe Saoil / Sábhála
   b. Talamh / Teach – Céad mhuirear dlithiúil (‘First legal charge’)
   c. Scaireanna nó Stoc